Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11875/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0207 (NLE)**

**ECOFIN 1007**
**UEM 357**
**FIN 1066**
***ECB***
***EIB***

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 378 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 378 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 378 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2026
COM(2026) 378 final

2026/0207 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine**

{SWD(2026) 229 final}

GA GA

2026/0207 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Rómáin plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 31 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 29 Deireadh Fómhair 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 le Cinntí Cur Chun feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3] agus an 13 Samhain 2025[4].

(2) An 24 Meitheamh 2026 rinne an Rómáin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an Rómáin.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean a chuir an Rómáin isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 94 bheart.

(4) Mhínigh an Rómáin go bhfuil trí bheart ann nach féidir a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar tharraingt siar na dtionscadal lena mbaineann ag na conraitheoirí, mar gheall ar bheart a bogadh agus a cumascadh le beart atá sna deontais cheana agus mar gheall ar mhoilleanna gan choinne ar chur chun feidhme i ngeall ar imthosca nach

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.
2 ST 12319/21 INIT; ST 12319/21 ADD 1.
3 ST 15833/23 INIT; ST 15833/23 ADD 1.
4 ST 14452/25 INIT; ST 14452/25 ADD 1.

bhfuil neart aici orthu. Baineann an méid sin le C6.I4, C16.I4a agus C8.I7. Ar an mbonn sin, d'iarr an Rómáin údarú na bearta sin a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Rómáin go bhfuil 23 bheart ann nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca gan choinne nó moilleanna suntasacha cur chun feidhme nach bhfuil neart aici orthu, lena n-áirítear saincheisteanna feidhmíochta conraitheora agus baic eile ar dhul chun cinn na mbeart a d'fhág nach raibh an phleanáil tosaigh indéanta. Áirítear leis sin bearta nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh san fhoirm ina bhfuil siad faoi láthair i ngeall ar easpa éilimh nó éileamh neamhleor a bheith ann. Baineann an méid sin le C2.I1, C2.I4, C3.I2, C4.I1, C4.I2, C5.I1, C5.I1a, C7.I3, C7.I8, C7.I17, C10.I2, C10.I4, C10.I3, C10.I1, C11.I2, C12.I3, C12.I1, C13.I4, C13.I1, C13.I2, C14.R3, C14.R9, C16.I8. Ar an mbonn sin, d'iarr an Rómáin údarú na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Rómáin go bhfuil 68 mbeart leasaithe chun rogha mhalartacha níos fearr a chur chun feidhme lena bhféadfar an t-ualach riaracháin a laghdú agus Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart lena mbaineann á mbaint amach an tráth céanna. Baineann an méid sin le C1.I1, C1.I2, C1.I5, C1.R2, C2.I2, C2.I3, C2.I5, C2.R2, C3.I1, C3.I1a, C3.I3, C3.R1, C4.R1, C4.I3, C4.I3a, C4.R2, C5.I4, C5.R1, C6.I2, C6.R1, C6.R4, C7.I5, C7.I6, C8.I1, C8.I2, C8.I3, C8.I4, C8.I5, C8.I10, C8.R1, C9.I1, C9.I2, C9.I3, C9.I4, C9.I5.a, C9.R1, C9.R2.a, C9.R4, C9.R5, C10.R5, C11.I1, C11.I4, C12.I2, C12.R3, C12.I4, C13.R2, C14.R1, C14.R7, C15.I10, C15.I11, C15.I10.2a, C15.I16, C15.I18, C15.I13, C15.I2, C15.I4, C15.I6, C15.I8, C15.I9, C15.R4, C15.I17, C15.I1, C15.I1a, C16.R1, C16.I5, C16.I7, C16.I9, C16.I10. Ar an mbonn sin, d'iarr an Rómáin údarú na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(7) Tar éis bearta a bhaint agus a leibhéal cur chun feidhme a ísliú i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, d'iarr an Rómáin údarú na hacmhainní a úsáid a saoradh leis na bearta a bhaint agus le leibhéal a gcur chun feidhme a ísliú chun ceithre bheart nua a chur isteach agus chun leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a ardú. Baineann an méid sin le C4.I1a, C4.I5, C6.I2a agus C16.I7a, agus C8.I11 agus C16.I4, faoi seach. Ar an mbonn sin, d'iarr an Rómáin údarú leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a ardú agus ceithre bheart nua a chur isteach. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(8) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Rómáin i láthair a chur san áireamh.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(9) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(10) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí fuinnimh

in-athnuaite agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(11) Ós rud é gur laghdaíodh roinnt beart faoi chaibidil REPowerEU, cuireadh infheistíochtaí C16.I9 agus C16.I10 isteach, infheistíochtaí a áiríodh go dtí seo sa phlean mar C6.I4a agus C6.I5a. Tá na bearta i gcomhréir le cuspóirí REPowerEU chun tacú le stóráil leictreachais (Airteagal 21c(3)(e)), chun an tionscal a dhícharbónú (Airteagal 21c(3)(b)) agus chun laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh a dhreasú (Airteagal 21c (3) (d)).

(12) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta mór (rátáil A) ag baint le comhdhéanamh nua na mbeart a áirítear sa chaibidil REPowerEU.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 39,1 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, agus 91,5 % de chostais iomlána mheasta na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méideanna arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021-2030.

(14) Baineann na leasuithe ar na bearta a chuireann leis an aistriú glas le 20 beart, is iad sin C2.I1, C3.I2, C4.I1, C4.I1a, C4.I2, C5.I1, C5.I1a, C6.I4, C10.I1, C10.I2, C10.I3, C12.I1, C12.I3, C13.I1, C13.I2, C15.I17, C16.I4, C16.I4a, C16.I7, C16.I8. Ar an iomlán, de bharr na ndifríochtaí in ábhar clibeála aeráide an bhirt mhéadaithe agus na mbeart laghdaithe, tá glan-laghdú ar an ranníocaíocht fhoriomlán ó 40,6 % go 39,1 % le sprioc aeráide an phlean i gceist leis na leasuithe ar phlean na Rómáine. Na bearta a bhaineann leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, sa phlean modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, bíonn tionchar fadtéarmach acu toisc go ndírítear leis na bearta ar athruithe struchtúracha chun spleáchas foriomlán na Rómáine ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus chun coigilteas fuinnimh a mhéadú trí aistriú go teicneolaíochtaí glasa, go háirithe na teicneolaíochtaí a bhaineann le foinsí fuinnimh in-athnuaite, agus trí chleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn ar feadh earnálacha éagsúla. Mar thoradh air sin, cuireann na bearta freisin le spriocanna 2030-2050 agus leis an gcuspóir Aontas aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe sin difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 24,0 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(16) Baineann na leasuithe ar na bearta a rannchuidíonn leis an aistriú digiteach leis an laghdú ar an leithdháileadh le haghaidh 10 mbeart, is iad sin C2.I4, C4.I3, C4.I3a, C7.I3, C7.I8, C8.I7, C10.I2, C10.I4, C12.I3, C16.I5. Ar an iomlán, de bharr na ndifríochtaí in ábhar clibeála digiteacha an bhirt mhéadaithe agus na mbeart laghdaithe, tá glan-méadú ar an ranníocaíocht fhoriomlán ó 21,3 % go 24,0 % le sprioc dhigiteach an phlean i gceist leis na leasuithe ar phlean na Rómáine. Ní athraíonn raon feidhme teoranta na leasuithe sin an measúnú foriomlán ar an gcritéar sin.

*Costáil*

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(18) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais le haghaidh na mbeart nua agus le haghaidh na mbeart atá ann cheana a raibh measúnú costais nua i gceist lena gcuid modhnuithe, léirítear go bhfuil an chuid is mó de na costais réasúnta agus inchreidte. I líon fíorbheag cásanna, bhí teorainn leis na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáideadh chun na meastacháin ar chostais a dhéanamh, i ngeall i bpáirt ar úrnuacht na mbeart. Cuireann sé sin bac ar rátáil A don chritéar measúnaithe seo. Ina theannta sin, bhí údar leis na hathruithe ar na meastacháin ar chostais i gcás na mbeart modhnaithe eile, bhí siad comhréireach leis na spriocanna athbhreithnithe nua agus thacaigh ríomhanna mionsonraithe agus fianaise leo, agus mar sin níor athraíodh réasúnaíocht ná sochreidteacht na meastachán sin ar chostais i gcomparáid leis an bplean bunaidh. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(19) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Rómáin chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean na Rómáine i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (d), (db), (g), (h), (j) agus (k).

*Measúnú dearfach*

(20) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá i dtaca le cur chun feidhme an phlean leasaithe a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, chomh maith leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i gcomhair chur chun feidhme an phlean leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(21) Is é EUR 20 106 860 700 costais iomlána mheasta phlean leasaithe na Rómáine. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Rómáin, an ranníocaíocht

airgeadais iomlán arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, arna leithdháileadh ar phlean leasaithe na Rómáine, ba cheart gurb é EUR 13 566 055 514 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Rómáin.

***Iasachtaí***

(22) Chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, cuireadh tacaíocht iasachta iomlán EUR 7 844 472 079 ar fáil don Rómáin trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis C6.I4 agus C16.I4a a bhaint agus an t-ísliú ar leibhéal cur chun feidhme C3.I2, C4.I1, C4.I2, C5.I1, C6.I4, C6.C10.I2, C10.I4, C11.I2, C12.I3, C16.I5 faoi Airteagal 21 de Rialachán 2021/241, níor iarr an Rómáin na hacmhainní iasachta a saoradh a úsáid chun tacú le bearta nua nó chun leibhéal cur chun feidhme na mbeart atá ann cheana laistigh den phlean a ardú. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean níos ísle ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don Rómáin agus an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Rómáin trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht iasachta iomlán a chuirtear ar fáil don Rómáin a laghdú go EUR 6 540 805 186.

(23) Ba cheart méid na hiasachta a leagan amach sa chinneadh seo i gcomhréir le hAirteagal 20(5), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241. Mar sin féin, de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 maidir le laghdú ar mhéid an dara tráthchuid den tacaíocht iasachta don Rómáin, arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24(8) de Rialachán (AE) 2021/241, laghdaíodh an iasacht faoi EUR 10,772,581 agus ní féidir leis an Rómáin a heisíocaíocht a iarraidh ar an gCoimisiún.

(24) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a ionadú go hiomlán.

(25) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean*

Formheastar an measúnú ar phlean leasaithe na Rómáine ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

[5] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean don Rómáin mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Rómáin arb ionann í agus uasmhéid EUR 6 540 805 186.';

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*